Glór Cheatharlach

Taithí agus dearctha an Phobail i leith na Gaeilge i gCeatharlach

SEOLADH torthaí an taighde dar teideal "Taithí agus Dearctha an Phobail i leith na Gaeilge i gCeatharlach 2010" ag ócáid mhór a tionóladh san Ostán Seven Oaks ar Dé Máirt, 1ú Márta. Dob í Fionnuala Ní Mhórdha, stiúrthóir an tsuirbhé, a chuir na torthaí i láthair an tslua agus b'í Eimear Ní Bhraonáin, iriseoir agus díograiseoir i leith na teanga a sheol leabhrán na dtorthaí. I láthair freisin bhí Éamon Ó hArgáin thar cheann Foras na Gaeilge a rinne an suirbhé a mhaoiniú agus Lorcán Mac Gabhann, Ceannasaí Ghlór na nGael chomh maith leis an Teachta Dála nuathofa áitiúil, Pádraig Ó Díring.

Rinneadh cinneadh an bhliain seo caite gur cheart go ndéanfaí a leithéid de shuirbhé ar phobal Cheatharlach agus, i gcomhar le Glór Cheatharlach, tharla an tionscadal seo i samhradh na bliana 2010. Deineadh an suirbhé ar 300 duine. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal eolas suas chun dáta a chruinniú maidir le taithí agus dearcadh na ndaoine i leith Theanga na Gaeilge i mBaile Cheatharlach. Rinneadh cinneadh gurb é an bealach a b'fhearr a d'oirfeadh don suirbhé seo ná go gcuirfí ceistneoir ar fáil chun an t-eolas cuí a bhailiú. I gcomhairle le hionadaithe ó Ghlór Cheatharlach, rinneadh ceistneoir a dhearadh, ceistneoir a bhain le ceisteanna iata agus ceisteanna neamhiata. Rinneadh staidéar triallach sular thosaigh an suirbhé críochnaitheach.

Is féidir a rá go dtugann torthaí an taighde léargas an-dearfa ar staid na Gaeilge i gCeatharlach i láthair na huaire agus bainfear leas as na torthaí chun freastal níos fearr fós a dhéanamh ar mhianta an phobail i leith na teanga agus an chultúir. Cuirfidh an t-eolas a cruinníodh, faisnéis úsáideach ar fáil faoin meon i dtaca leis an nGaeilge agus faoi úsáid na teanga. Cuirfidh sé ar chumas phobal na Gaeilge measúnú a dhéanamh faoin tsuim atá sa teanga, agus an pobal a chur san airdeall maidir le mórcheisteanna a bheadh ag daoine i leith na teanga agus conas mar a chuirtear chun cinn í. Cuirfidh sé ar a chumas chomh maith, clár gníomhaíochtaí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm don dúiche seo agus é a dhíriú ar na gnéithe sin den teanga a bhfuil suim ag daoine iontu.

Tá stádas ard deimhneach ar an iomlán ag baint le teanga na Gaeilge i gCeatharlach. Tá cuma fholláin uirthi agus líon mór daoine á labhairt. I measc na moltaí a léiríonn torthaí an taighde is léir go mbeidh ról lárnach leanúnach ag Glór Cheatharlach a bunaíodh sa bhliain 2008 maidir le tógáil a dhéanamh ar an mbunchloch seo agus i dtaca leis an líon daoine a labhraíonn an teanga a mhéadú. D'éirigh thar barr leis an eagraíocht seo taobh istigh d'achar gearr ama. Bíonn freastal chomh mór sin ar na Campaí Samhraidh go mbíonn liostaí feithimh ann gach uile bhliain chun áiteanna d'fháil orthu. Tá fás tagtha faoin méid cúrsaí a chuireann Glór Cheatharlach ar fáil, agus faoi líon na ndaoine a bhíonn ag freastal orthu. Cuireann an rath agus an fhorbairt leanúnach atá faoin nGaelscoil agus faoin nGaelcholáiste go mór leis an nGaeilge bheith mar theanga bheo bhríomhar anseo i gCeatharlach.

Mar sin féin is gá féachaint chuige go mbeidh go leor deiseanna ann le gur féidir le daoine leanúint leo ag labhairt na Gaeilge tar éis dóibh na cúrsaí sin a thabhairt chun críche. Is gá an úsáid a bhaintear as an teanga i suímh shóisialta agus fhóillíochta a spreagadh. Tá gá ann chomh maith maidir leis an mbearna atá ann idir inniúlacht agus úsáid a líonadh, ionas gur féidir dul chun cinn a dhéanamh.

Dá bhféadfaí Ionad Cultúrtha a chur ar bun i gCeatharlach líonfaí an bhearna seo, agus thaobhódh formhór mór daoine leis. Ba chóir go ndéanfaí machnamh ceart faoi áit mar seo a chur ar bun mar bhealach chun timpeallacht shuaimhneach neamhfhoirmiúil a chruthú le go bhféadfaí imeachtaí mar ghrúpa máithreacha agus leanaí, maidin chaife do sheanóirí, grúpa léitheoireachta, club drámaíochta a reáchtáil le haghaidh labhairt na Gaeilge. Comhlánú loighciúil a bheadh anseo ar an bhfíoras faoi fhormhór na ndaoine bheith ag labhairt na Gaeilge i suímh neamhfhoirmiúla, sa bhaile nó go sóisialta.

Is léir go bhfuil bá ag daoine le go ndéanfadh lucht ghnó obair trí Ghaeilge. D'fhéadfaí bearta praiticiúla a chur i bhfeidhm ar bheagán chostais ar nós biachláracha bheith i nGaeilge, nó fógraí i siopaí a léireodh fáilte roimh ghnó trí Ghaeilge.

Caithfidh daoine indibhidiúla a gcion a dhéanamh maidir le hathrú a chur ar na noirm sula bhféadfaí an Ghaeilge bheith in úsáid go nádúrtha mar chuid den ghnáthshaol laethúil i gCeatharlach. Tá cóipeanna crua de thorthaí an taighde dhátheangach ar fáil saor ó Glór Cheatharlach nó le híoslódáil ón suíomh idir www.glorcheatharlach.ie. Dob é Cathal Ó Catháin a chuir an leagan Gaeilge ar fáil.

Maidir leis an gceist sa cheistneoir faoi chumas sa teanga is iad na freagróirí féin a rinne meastachán ar an gcumas Gaeilge a bhí acu. Tugadh cúig rogha do na rannpháirtithe chun an cumas a mheas. Dúirt 9.4% de na daoine ar cuireadh agallamh orthu nach raibh Gaeilge ar bith acu. Istigh ar an bhfigiúr seo tá 3.8% de dhaoine a d'fhás aníos taobh amuigh de thír na hÉireann, agus nach raibh deis acu aithne a chur ar an teanga. Den 90.6% d'fhreagróirí a dúirt go raibh Gaeilge acu, dúirt tuairim is 50% go raibh ábaltacht acu sa teanga agus 40.7% a dúirt go raibh cúpla focal acu, ar a laghad, mar a léiríonn an fíor thíos.

Danielle Uí Mhórdha, Eimear Ní Bhraonáin a sheol torthaí an taighde ar an nGaeilge i gCeatharlach agus Gwen Ní Hutáin ag an ócáid seolta

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach
Carlow Gateway Business Centre
Bóthar Átha Í, Ceatharlach. (059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Rathvilly

CONTACT: MARY MCCALL TEL: 087 2329936
EMAIL: MCCALLCONCRETE@EIRCOM.NET

SLANEY ROVERS AFC
No jackpot winner in the lotto. Numbers 13-17-18-24. Match three: win or share €150: Marie Coleman, Woodgrove Avenue; Liam Kavanagh, Rathdangan. Promoters €20, Mary Cunningham.

Results: U12, Vale 1, Slaney Rovers. Wexford League, Slaney Ladies 5, All Blacks 3. U9, Baltinglass 0, Slaney Rovers 3. Striker Cup, Castle Rangers 0, Slaney Rovers 2.

Well done to Josh Moore, Jake Elliott, Eoghan O'Connor Byrne who have been selected for the U12 Academy. Carlow U12s had a great win over Wicklow with Josh Moore scoring twice. Well done to Damien O'Brien, Sabrina Darcy and Derek Raymond who successfully completed the kick start 1 course in Ballon.

RATHVILLY GAA
No jackpot winner in the lotto. Numbers were 4-21-22-28. Match three: Sean Doyle, The Moat; Paddy Dempsey, Collins Park; Des Owens, Woodgrove Avenue; Joe Keogh, 16 DeLacy Abbey; Jacinta Kelly, Ballyhackett. Promoters €20, Tom McCall.

AWARDS NIGHT
The club are hosting an awards night on Saturday 19 March in Horans, Baltinglass. Light refreshments served. Tickets €10 available shortly.

FIRST PENANCE
First Penance on Thursday, 14 April at 7.30pm in St Patrick's Church.

MONTESSORI & PRE-SCHOOL
Little Leaners Montessori and pre-school opening 1 September in Rathvilly for children 2 1/2-5 years. 9am-12.30pm Monday to Friday. ECCE places available. Contact Jenny Doyle 087 2952706.

YOUNG AT HEART ASSOCIATION
The annual party held last Sunday was an enjoyable afternoon. Members had a beautiful meal and enjoyed the music. A sincere thanks to all who donated prizes and made financial contributions.

COMMUNITY GAMES
Well done to all the children who took part in the talent finals last week. Solo singing, Katelyn Dunne 4th, solo music, Eoin McDermott 1st, Conor McDermott 2nd, Lauren Doyle 4th. Group music, Eoin and Conor McDermott 3rd. Group dancing, Lauren Doyle, Leah Curran, Ciara McGuirk, Katelyn Dunne and Sorcha Kelly 1st. Caitlin Smith and Rebecca Broughall 3rd. Special thanks to Don, Gillian, Eithne and Laura.

FORWARD STEPS, TULLOW
A number of exciting courses are starting the first week in March in Forward Steps Resource Centre. For more information please contact Leanne or Jen on 059 9152776.

30th ANNIVERSARY PILGRIMAGE TO MEDJUGORJE
From 17-24 April. Details from Duffy's on 059 6471681 or 087 2543235.

RATHVILLY NS FUNDRAISER
Results Week 4: €150, Dolores McDonnell, Ballybit. €50, Peg Henson, c/o Kearns. €20 each: Enda Byrne,Williamstown; Barbara Smith, Monavothe; Cathál Cullen.

WORLD YOUTH DAY COLLECTION
Church gate collection in aid of World Youth Day on 26/27 March.

SPRING PARISH FUNDRAISER
10 week parish fundraiser starts on Monday 28 March.